

## Léiriúchán Inbhuanaithe: TG4 & Áireamhain Carbóin Albert - Eanáir 2021

A Léiritheoirí a chairde,

Ó Eanáir 2021, tá sé éigeantach go ndéanfaidh gach léiriúchán atá faoi chonradh ag TG4 dréacht-lorg carbóin agus lorg carbóin deiridh a chomhlánú ag baint leas as Áireamhain Carbóin Albert: <https://wearealbert.org/carbon-calculator-and-production-certification>

Seo hiad na céimeanna nach mór a leanúint agus tú ag dul i mbun conartha le TG4 ar léiriúchán nua:

- Cláraigh an tionscadal le Albert ( [williamb@bafta.org](mailto:williamb@bafta.org) & [Albert@bafta.org](mailto:Albert@bafta.org) ) Áirítear ar na mionsonraí clárúcháin: Teideal an léiriúcháin, ainm an duine teagmhála, seoladh ríomhphost agus mionsonraí teagmhála eile (agus an Bainisteoir Léirithe a bheidh ag ionchur agus an Léiritheoir a bheidh ina athbhreithneoir, a chur san áireamh ach d'fhéadfadh gurb é an duine a bheadh i gceist. Seol an ríomhphost sin chuig [jill.ui.dhuinn.bhig@tg4.ie](mailto:jill.ui.dhuinn.bhig@tg4.ie) agus [maire.ui.choisdealbha@tg4.ie](mailto:maire.ui.choisdealbha@tg4.ie) ar cc.
- Nuair a bheidh léiriúchán cláraithe le Albert seolfaidh siad ríomhphost chuig TG4 agus ag an gcomhlacht léiriúcháin le hAinm Úsáideora agus treoracha maidir le dréacht-lorg carbóin agus Plean Gníomhaíochta maidir leis an gCarbón a chomhlánú. Mholfaimis duit an péire a chomhlánú ag an am céanna le linn obair réamhléiriúcháin. Ní mór don chomhlacht léiriúcháin an dréacht-lorg carbóin a chomhlánú agus a athbhreithniú. Íoslódáil an dréacht-lorg carbóin comhlánaithe agus seol mar pdf nó mar sheat scáileáin é chuig [anna.marie.nic.dhonnacha@tg4.ie](mailto:anna.marie.nic.dhonnacha@tg4.ie). Beidh dearbhú agus admháil ina leith sin ag teastáil ó TG4 sula n-eisítear an dara céim den íocaíocht roimh scannánaíocht.
- Nuair a bheidh an léiriúchán críochnaithe, nuashonraigh agus cuir do lorg carbóin i gcrích ar an gcóras agus uaslódáil aon cháipéisíocht riachtanach don Phlean Gníomhaíochta maidir leis an gCarbón. Ní mór an duine a dhéanann an t-ionchur an méid seo a dhéanamh agus ní mór don Léiritheoir é a athbhreithniú.
- Déanfaidh Albert athbhreithniú ar an lorg carbóin deiridh agus ar an gcáipéisíocht riachtanach don phlean gníomhaíochta agus seolfar ríomhphost deimhniú ar cheadú ar aghaidh nuair a bheidh sé ceadaithe agus glactha. Beidh dearbhú ag teastáil ó TG4 ón Léiritheoir go bhfuil an lorg carbóin deiridh comhlánaithe agus go bhfuil iniúchadh déanta air agus is gné riachtanach a bheidh ann maidir leis an bpáipéarachas deiridh léiriúcháin a bheidh le cur ar aghaidh chuig [anna.marie.nic.dhonnacha@tg4.ie](mailto:anna.marie.nic.dhonnacha@tg4.ie)
- Anuas ar na nithe thuas, má ghactar leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an gCarbón, is féidir le léiriúcháin deimhniúcháin léiriúcháin inbhuanaithe Albert a bhaint amach chomh maith le cead lógó Léiriúchán Inbhuanaithe Albert a úsáid sna teidil chreidiúna deiridh. Seolfar tuilleadh treoracha maidir le húsáid an lógó.

Má tá ceist ar bith eile nó aon deacrachtaí agat, déan teagmháil le Jill Uí Dhuinn Bhig ([jill.ui.dhuinn.bhig@tg4.ie](mailto:jill.ui.dhuinn.bhig@tg4.ie)). Ba chóir an páipéarachas agus na deimhnithe ar fad a sheoladh chuig Anna Marie Nic Dhonnacha ([anna.marie.nic.dhonnacha@tg4.ie](mailto:anna.marie.nic.dhonnacha@tg4.ie)). Tá Albert ar fáil freisin chun fiosruithe a fhreagairt, agus tá Ceisteanna Coiteanna, comhairle agus oiliúint bhreise le fáil ar a láithreán gréasáin <https://wearealbert.org>

Táimid ag súil go mór le bhur gcomhoibriú.

TG4